Straitle

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA

MIONTUAIRISCÍ 12 Nollaig 2017

I láthair bhí:
Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach); Robbie Cronin; Séamus Ó Fearraigh; Deirbhile Nic Craith; Seán Mac Nia; Cathnia Ó Muircheartaigh; Rita Nic Amhlaigh;

Leithscéalta: Elaine Ní Neachtain; Dairíona Nic Coniomaire; Sínéad Nic Giolla Chainnigh; Aodh Mac Craith.

Níor ceapadh comharba ar Yvonne Ní Mhurchú (Gaeloideachas) go fóill.

Bhí seisiún dúnta ag baill an Bhoird ag tús an chruinnithe.

Miontuairiscí

Príomhfheidhmeannach COGG

Pléadh stádas Phríomhfheidhmeannach COGG (gan an Príomhfheidhmeannach i láthair). Léirigh an Bord imní go bhféadfaí go mbeadh deacrachtaí ann Príomhfheidhmeannach nua a mhealladh go COGG nuair a thagann an t-am go mbeadh an Príomhfheidhmeannach reatha ag éirí as. Moladh go n-ullmhófaí cás le cur os comhair na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le hardú céime agus tuarastail dá réir a chur ar fáil nuair a bheadh Príomhfheidhmeannach nua á cheapadh ar COGG. Moladh go dtógfaí san áireamh an leibhéal tuarastail atá ag dul do phríomhfheidhmeannaigh ar áisíneachtaí eile sa státchóras. Moladh freisin go gcuirfí struchtúr COGG ar chlár chruinnithe eile amach anseo.

Ar mholadh Robbie Cronin, le cuidiú Dheirbhile Nic Craith glacadh le na miontuairiscí 12 Nollaig 2017 agus síníodh iad.

Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc ó bhéal i láthair an chruinnithe.

Tuairiscíodh go mbeadh Aisling Nic Craith ag dul i mbun oibre ar 15 Eanáir 2018 mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin le COGG.

Aontaíodh gur ghá litir a sheoladh láithreach chuig Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le conarthaí fostaíochta Mhichíl S Mac Donnacha agus Mháire Nic an Rí le maolú a lorg ar an gcleachtas nach gceadaítear iasacht thar 10 mbliana ó phost mar mhúinteoir. Mura dtugtar seo, tá an baol ann go mbeidh ar Mhícheál S agus ar Mháire filleadh ar a scoileanna mí Meán Fómhair seo chugainn.

Ag eascairt as plé faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta dúradh go raibh éileamh tagtha ó iar-bhunscoileanna cead a bheith acu na scoileanna a dhúnadh ar feadh lae leis an bPlean Gníomhaíochta a phlé agus a aontú ar bhonn scoil-uile.

Aontaíodh gur ceisteanna a bhaineann le páistí le riachtanais bhreise oideachais ba mhó atá ag déanamh imní do scoileanna maidir le feidhmiú an Pholasaí.

Is gá do NEPS agus don CNOS (NCSE) a bheith páirteach i bhfeidhmiú an Pholasaí agus comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna, go háirithe áit a bhfuil páistí le deacrachtaí foghlama tromchúiseacha. Is gá treoir chinnte a bheith ag na scoileanna, cás ar chás, seachas treoir ghinearálta.

Maidir leis an gclár comhtháite do theagasc na Gaeilge i scoileanna T2, tuairiscíodh go mbeadh cruinniú den Ghrúpa Teicniúil ann ar 9 Eanáir 2018.

Maidir leis an sonraíocht theicniúil, aontaíodh nach bhfuil saineolas sa réimse seo ag COGG agus nach mbeadh ar chumas COGG aon treoir a chur ar fáil.

An Coiste Iniúchta agus Riosca

Cuireadh Meamram ón gCoiste Iniúchta agus Riosca faoi bhráid an bhoird.

Aontaíodh go raibh sé riachtanach an Córas Rialaithe a chur i bhfeidhm.

Aontaíodh go n-iarrfaí ar Dháithí Ó Maolchoille cuntais 2017 a ullmhú arís ach go gcuirfí an conradh amach ar thairiscint an bhliain seo chugainn.

Beidh gá iniúchóireacht inmheánach a dhéanamh nuair atá na cuntais ullmhaithe.

Déanfar ceapachán ag cruinniú mhí Eanáir agus iarrfar tuairisc a bheith réitithe do chruinniú mhí Márta.

Is gá riachtanais CIOP (SIPO) a chomhlíonadh agus ráiteas a fháil ó gach ball den Bhord maidir le ballraíocht ar bhoird eile agus páirtíocht in aon ghnó tráchtála. Seolfar na foirmeacha cuí chuig baill an bhoird roimh chruinniú mhí Eanáir.

Cuirfear Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchta agus Riosca faoi bhráid chruinniú an bhoird ar 30 Eanáir 2018.

Ceapadh Robbie Cronin mar bhall den Choiste Iniúchta agus Riosca, in áit Yvonne Ní Mhurchú.

Scéim Mhatamaitice CCEA/COGG

Thug Seán Mac Nia uasdátú ar fhorbairt na scéime.

Clár tacaíochta atá i gceist seachas clár teagaisc. Níl a leithéid le fáil as Gaeilge agus cuirfear ar fáil saor in aisce do scoileanna é. Aontaíodh go n-íocfadh COGG 50% de na costais (measta ag €75,000 in aghaidh na bliana go ceann 3 bliana). Beidh gá taighde a dhéanamh ar na riachtanais - riachtanais teanga chomh maith le riachtanais na matamaitice.

Beifear aireach faoi athbhreithniú an churaclaim matamaitice atá ar siúl faoi láthair.

Beidh ceist na gcanúintí le tabhairt san áireamh.

Moladh go ndéanfaí forbairt gné ar ghné, seachas ó bhliain go bliain.

Tá coiste Comhairleach le cur ar bun agus beidh cruinniú acu ag tús mhí Feabhra.

Is gá an clár a bhunú ar dhea-chleachtas agus is gá aontú ón mBord sula rachfar chun cinn.

Cuirfear breis eolais ar fáil ag an gcéad chruinniú eile.

Iarratais mhaoinithe

Teacht Aniar

Iarratas €30,000 le taighde a dhéanamh le clár idirbhliana a fhorbairt do scoileanna Gaeltachta.

Ceadaíodh an maoiniú a chur ar fáil ach gan aon gheallúint go gcuirfear aon mhaoiniú breise ar fáil.

Is gá an taighde a dhéanamh sna ceantair Ghaeltachta éagsúla, ceantair laga ina measc.

Is gá obair i bpáirt leis na Coistí Pleanála teanga agus a chinntiú nach mbíonn aon dúbláil oibre i gceist.

Leabhar le Brendan Ó Dufaigh

Ceadaíodh an maoiniú seo i bprionsabal ach is gá a chinntiú go mbíonn an t-ábhar ann oiriúnach do dhaltaí scoile.

Tá fiosrú le déanamh leis an údar maidir le dearadh an leabhair, líon na bpictiúr, ábhar daite agus eile lena chinntiú gur foilseachán ar ardchaighdeán a bheidh ann agus é oiriúnach do dhéagóirí.

Mar a Déarfá

Pléadh an t-iarratas seo agus aontaíodh nach bhfuil ar chumas COGG duine a fhostú agus gur ghá an t-iarratas a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna ach go mbeifí sásta féachaint ar mhaoiniú do chostais eile.

Tabharfar cuireadh do Nóirín Ní Ghrádaigh Rafferty cur i láthair a dhéanamh ag céad chruinniú eile an Bhoird.

Pobalscoil Chorca Dhuibhne

Ceadaíodh an maoiniú ar an tuiscint go mbeadh tuairisc tosaigh ar fáil agus go n-eascródh moltaí praiticiúla d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta as an taighde.

CAER

Ceadaíodh maoiniú a chur ar fáil do 20 sparánacht ach iad roinnte go cothrom idir scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

Glór na nGael

Ceadaíodh an t-ardú sa mhaoiniú bliantúil don veain. (€68,000)

Aistear- Clár teagaisc don Ghaeilge (TS Dara bliain)

Ceadaíodh an maoiniú a chur ar fáil.

Tairiscintí do théacsanna sonraíochtaí nua na Sraithe Shóisearaigh

Aontaíodh gur ghá na leabhair a fheiceáil agus iad a mheas de réir critéar, nach costas amháin a bheadh ann. Is gá daoine a fháil le saineolas ar na hábhair éagsúla leis na leabhair a mheas.

Litir thacaíochta d'Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Aontaíodh nach seolfaí litir thacaíochta thar ceann an Bhoird.

Scéimeanna maoinithe 2018

Moltaí scríofa a lorg ó bhaill an Bhoird.

Cruinnithe 2018

Aontaíodh na dátaí seo a leanas do chruinnithe boird idir Eanáir agus Meitheamh 2018.

Dé Máirt 30 Eanáir 7 Feabhra.

Dé Máirt 6 Márta

Dé Máirt 24 Aibreán

Dé Máirt 12 Meitheamh